Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9902/1/23**
**REV 1**

**ECOFIN 507**
**UEM 136**
**SOC 377**
**EMPL 255**
**COMPET 516**
**ENV 561**
**EDUC 205**
**RECH 226**
**ENER 282**
**JAI 714**
**GENDER 89**
**ANTIDISCRIM 87**
**JEUN 123**
**SAN 301**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | NÓTA MÍNIÚCHÁIN ÓN gCOMHAIRLE – Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle do na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, dréacht-nóta míniúcháin a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2023, mar a ullmhaíodh ar leibhéal an Choiste é agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air.

**Nóta míniúcháin**

*Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit faoi sheimeastar Eorpach 2023*

In Airteagal 2-ab)(2) de Rialachán Uimh. 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, ar cuid é den roinn maidir le 'Idirphlé Eacnamaíoch', cuirtear an méid seo a leanas in iúl: '*Mar riail ghinearálta, meastar go ndéanfaidh an Chomhairle de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí*'.

Leis seo, i dtaca leis an riail 'comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na leasuithe a comhaontaíodh ar na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí tírshonracha maidir leis na Ballstáit i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2023, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) freisin roinnt nithe breise mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

## SLIOCHT AS MOLADH TÍRSHONRACH 1

**I gcás na mBallstát uile seachas an Danmhairg, Éire, an Chipir, an Liotuáin, an tSualainn**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Deireadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá i bhfeidhm faoi dheireadh 2023, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Deireadh a chur leis na bearta tacaíochta **éigeandála** [*athrú arna chomhaontú ag an gCoimisiún*] fuinnimh atá i bhfeidhm [...], agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú**, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024**.

Míniú:

Rinne an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais leasú ar théacs an mholta chun a léiriú go bhfuil roinnt bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh i bhfeidhm ag roinnt Ballstát, agus é beartaithe, leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha atá ann cheana, iad a bheith i bhfeidhm acu tar éis 2023. Is amhlaidh atá freisin toisc go leanann an séasúr téimh ar aghaidh thar dheireadh 2023.

**I gcás na Danmhairge, na hÉireann, na Cipire, na Liotuáine, na Sualainne**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Deireadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá i bhfeidhm faoi dheireadh 2023.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta **éigeandála** [*athrú arna chomhaontú ag an gCoimisiún*] fuinnimh atá i bhfeidhm**,** [...] **a luaithe is féidir in 2023 agus 2024**.

Míniú:

Rinneadh an leasú ar théacs an mholta a dhírítear ar an Danmhairg, Éire, an Chipir, an Liotuáin agus an tSualainn ar an gcúis chéanna leis na Ballstáit eile. Ós rud é go bhfuil a gcuspóir buiséadach meántéarmach (MTO) bainte amach acu cheana féin, áfach, ní áirítear sa mholadh sin chucu an tagairt d'úsáid na gcoigilteas gaolmhar a eascraíonn as deireadh a chur le bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh.